AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Imlitir 0042/2012**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheachta Aitheanta**

# SOCRUITHE DO SHAOIRE BHREOITEACHTA FHÉIN-DHEIMHNITHE DO RÚNAITHE AGUS FEIGHLITHE I MBUNSCOILEANNA AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA AITHEANTA

## Réamhrá

1. Tá moltaí déanta ag an gCúirt Oibreachais maidir le socruithe do shaoire bhreoiteachta sa tseirbhís phoiblí. Maidir le saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe (nó neamhdheimhnithe), mhol an Chúirt Oibreachais "go mbronnfaí seacht lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ar íocaíocht thar tréimhse rollach dhá bhliain". Is é atá mar aidhm ag an Imlitir seo ná an moladh sin a chur i bhfeidhm.

2. Tá sé molta ag an gCúirt Oibreachais go mbeadh bogadh céimnithe ann chuig na socruithe nua. Ar dtús ceadófar 7 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ar íocaíocht sa tréimhse ó 1 Eanáir 2012 go dtí 31 Nollaig 2013.

3. I ndiaidh an ama sin beidh tréimhse rollach phearsanta 2 bhliain ag gach fostaí ag comhaireamh siar ó dháta na saoire breoiteachta féin-dheimhnithe is déanaí acu. Is é an líon is mó de laethanta saoire breoiteachta féin-dheimhnithe ar íocaíocht a cheadófar sa tréimhse 2 bhliain sin ná 7.

4. Baineann na socruithe seo leis na rúnaithe agus feidhlithe uile íoctha ag an Roinn, atá fostaithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a bhfuil teidlíocht acu cheana do shaoire bhreoiteachta ar íocaíocht agus a ghlacann saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe (neamhdheimhnithe) ón dáta feidhmithe 1 Samhain 2012 (agus an dáta sin san áireamh).

## Leasú ar Imlitreacha atá ann cheana

5. Gabhann na socruithe nua seo in ionad na n-imlitreacha ar fad a leagann amach na téarmaí do shaoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe (neamhdheimhnithe) do rúnaithe agus d'fheidhlithe íoctha ag an Roinn.

   Tugtar samplaí d'fhorfheidhmiú na socruithe nua san aguisín iniata.

**Socruithe do Shaoire Bhreoiteachta Dheimhnithe**

6. Maidir leis na socruithe do shaoire bhreoiteachta dheimhnithe a luaitear in LCR 20335 agus atá le tosú le feidhm ón 1 Eanáir 2014, beidh an Roinn Oideachais agus Scileanna i dteagmháil leis na húdaráis bhainistíochta chuí agus leis na ceardchumainn lena mbaineann in am trátha.

**Fógra**

7. Déan cinnte, led' thoil, go dtugtar cóipeanna den imlitir seo do bhaill uilig an Bhoird Bhainistíochta/an Choiste Gairmoideachaia agus go gcuirtear an Fhoireann ar fad atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd atá ar saoire neamhláithreachais, ar an eolas faoi ábhar na himlitreach.

8. Is féidir teacht ar an imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile – Foireann Oideachais – Sosanna/Saoire – Saoire Bhreoiteachta agus ba chóir gach fiosrú a chur le r-phost chuig: teachersna@education.gov.ie.

| | |
|---|---|
| Padraig Maloney | Dalton Tattan |
| Párolla | Rannóg Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/CRS |
| 21 Samhain 2012 | 21 Samhain 2012 |

# Aguisín – Socruithe Nua a Chur i bhFeidhm

**Sampla 1**
Ar 1 Samhain 2012 lorgaíonn fostaí lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Scrúdaíonn an fostóir an taifead saoire bhreoiteachta ag comhaireamh siar go 1 Eanáir 2012. Bhí 4 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ag an bhfostaí sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Samhain 2012. Mar sin, is féidir rochtain a thabhairt don bhfostaí ar lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ar 1 Samhain agus dá bhrí sin beidh iomlán de 5 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe tógtha.

**Sampla 2**
Ar 3 Nollaig 2012 lorgaíonn fostaí 2 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Scrúdaíonn an fostóir an taifead saoire bhreoiteachta ag comhaireamh siar go 1 Eanáir 2012. Bhí 6 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ag an bhfostaí sa tréimhse 1 Eanáir 2012 go 3 Nollaig 2012. Mar sin ní féidir rochtain a thabhairt don bhfostaí ach ar lá amháin saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Neamhláithreacht neamhíoctha is ea an lá eile.

**Sampla 3**
Ar 3 Eanáir 2013 lorgaíonn fostaí lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Scrúdaíonn an fostóir an taifead saoire bhreoiteachta ag comhaireamh siar go 1 Eanáir 2012. Bhí 2 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ag an bhfostaí sa tréimhse 1 Eanáir 2012 go 3 Eanáir 2013 agus, mar sin, is féidir rochtain a thabhairt ar saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ar íocaíocht.

**Sampla 4**
Ar 24 Aibreán 2013 lorgaíonn fostaí 2 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Scrúdaíonn an fostóir an taifead saoire bhreoiteachta ag comhaireamh siar go 1 Eanáir 2012. Sa tréimhse 16 mhí sin bhí 8 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ag an bhfostaí, 7 ar íocaíocht agus 1 neamhláithreacht neamhíoctha. Ní féidir tuilleadh rochtana a bheith ann ar saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ar íocaíocht toisc go bhfuil an t-uasmhéid de 7 lá atá ceadaithe tógtha cheana féin.

**Sampla 5**
Ar 30 Meitheamh 2013 lorgaíonn fostaí lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Scrúdaíonn an fostóir an taifead saoire bhreoiteachta ag comhaireamh siar go 1 Eanáir 2012. Sa tréimhse sin bhí 6 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ag an bhfostaí. Is féidir rochtain a bhronnadh ar lá amháin saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe.

**Sampla 6**
Ar 4 Eanáir 2014, .i. nuair atá tréimhse iomlán 24 mí imithe ó 1 Eanáir 2012, lorgaíonn fostaí 2 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Scrúdaíonn an fostóir an taifead saoire bhreoiteachta ag comhaireamh siar ar feadh tréimhse 24 mí ón dáta deiridh neamhláithreachta, sa chás seo 4 Eanáir 2014. Beidh an comhaireamh siar chomh fada le 5 Eanáir 2012.